

Cáin Mhaoine Áitiúil

CMÁ

**Treoirlínte maidir le hÍocaíocht CMÁ a
larchur go hIomlán nó go Páirteach**

25 Iúil 2013

Clár na n-Ábhar

1.	Réamhrá	3
1.1	Catagóirí Iarchuir	4
1.2	Ús agus Muirear ar an Mhaoin	4
1.3	Iarratas ar Iarchur	4
1.4	Íocaíocht a Dhéanamh	5
1.5	Athrú ar Chúinsí	5
1.6	Achomhairc in aghaidh Cinntí de chuid na gCoimisinéirí Diúltú d'Iarchur a Cheadú	5
1.7	Éilimh Bhréagacha ar Iarchur	6
1.8	Tuilleadh Eolais	6
2.	Catagóir A - Iarchur arna Bhunú ar Thairseacha Ioncaim ..	7
2.1	An Próiseas Iarratais	8
2.2	Critéir maidir le Tairseach Ioncaim	9
2.3	Críochnú Iarchuir Tairseach Ioncaim	10
2.4	Sampla d'Iarchur arna Bhunú ar Ioncam	10
3.	Roghanna Iarchuir Eile	15
3.1	Catagóir B - Iarchur arna bhunú ar Ionadaí Pearsanta do Dhuine faoi Dhliteanas a d'éag	15
3.2	Catagóir C - Iarchur arna bhunú ar Dhócmhainneacht Phearsanta	16
3.3	Catagóir D - Iarchur arna bhunú ar Fhorais Chruatain	17
3.4	Cáipéisíocht Tacaíochta	19
3.5	Samplaí d'Iarchuir arna mbunú ar Fhorais Chruatain	20

1. Réamhrá

Cuimsíonn scéim na Cánach Maoine Áitiúla socraíochtaí a fhéadann duine a úsáid chun íocaíocht na cánach a iarchur go hiomlán nó go páirteach sa chás go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Tugtar sa Treoir ar Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ), a seoladh chuig maoine i dteannta na Foirme Thuairisceáin CMÁ agus atá le fáil ar www.revenue.ie chomh maith, achoimre ar na catagóirí éagsúla iarchuir idir iarchur iomlán agus iarchur páirteach. Leagtar amach na socraíochtaí i leith iarchur go mionsonrach sa Treoir seo. Sa chás go bhfuil duine incháilithe chun iarchur iomlán, féadtar 100% den dliteanas a iarchur. Sá chás go bhfuil duine incháilithe chun iarchur páirteach, féadtar 50% den dliteanas a iarchur. Nuair a éilítear iarchur páirteach, ní mór don duine modh íocaíochta a roghnú ar Fhoirm Thuairisceáin LPT1 i dtaca leis an gcuid eile den dliteanas a íoc.

Ní hionann iarchur agus díolúine. Iarchuirtear íocaíocht na cánach – ciallaíonn sé sin go gcaithfear í a íoc amach anseo agus go mbeidh táille úis le híoc ina leith. Nuair atá duine ag machnamh ar an íocaíocht a iarchur toisc go bhfuil sé buartha faoina acmhainn an CMÁ a íoc in aon íocaíocht amháin, b'fhéidir go mbeadh sé níos fearr dó machnamh ar cheann de na roghanna céimnithe íocaíochta ina bhféadfadh sé an íocaíocht a dhéanamh i dtráthchodanna thar na bliana in ionad iarratas a dhéanamh ar iarchur, rud a bheadh air a íoc ina iomlán amach anseo ar aon chuma. Tugtar cur síos mionsonraithe ar na modhanna íocaíochta éagsúla, íocaíocht chéimnithe in airgead tirim agus trí dhochar díreach ina measc, sa Treoir ar Cháin Mhaoine Áitiúil.

1.1 Catagóirí Iarchuir

Tá ceithre chatagóir iarchuir CMÁ ann, **Tairseach Ioncaim, Ionadaí Pearsanta do Dhuine d'éag, Dócmhainneacht Phearsanta agus Forais Cruatain** agus tugtar sa Treoir seo breac-chuntas ar na forálacha a bhaineann le hiarratais ar iarchur i ngach ceann de na catagóirí sin. Braithfidh fad ama na n-iarchur ar an gcatagóir a roghnaítear agus ar chúinsí áirithe an éilitheora. De ghnáth, áfach, beidh fad ama na n-iarchur ar aon dul leis na tréimhsí luachála agus beidh feidhm acu go ceann 3 bliana. Féadann na Coimisinéirí tréimhsí níos giorra nó níos faide a shocrú le haghaidh iarchur, áfach, de réir na gcúinsí ar leith a bhaineann le cásanna aonair.

1.2 Ús agus Muirear ar an Mhaoin

Gearrfar ús ar ráta 4% in aghaidh na bliana ar gach suim CMÁ a iarchuirtear. Beidh aon suim a iarchuirtear, an t-ús san áireamh, ina muirear ar an mhaoin a chaithfear a íoc tráth a ndíolfar/a n-aistreofar an mhaoin sin.

1.3 Iarratas ar Iarchur

Ní féidir iarratas a dhéanamh ar iarchur ar bhonn Tairsigh Ioncaim ach ar Fhoirm Thuairisceáin LPT1 amháin. **Mar aon le Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach**, ní foláir do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar iarchur CMÁ faoi aon cheann de na 3 chatagóir eile Foirm LPT2 (atá le fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí) a chomhlánú chomh maith agus í a chur isteach chuig: **An Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach**. Caithfear iarratais ar iarchur i leith 2013 a dhéanamh faoin 7 Bealtaine 2013 má chuirtear Foirm Thuairisceáin LPT1 páipéir isteach, nó faoin 28 Bealtaine 2013 má chuirtear isteach go leictreonach í.

1.4 Íocaíocht a Dhéanamh

Féadann duine ar ceadaíodh iarchur dó an tsuim iarchurtha a íoc go hiomlán nó go páirteach am ar bith. Nuair a fhaigheann na Coimisinéirí íocaíocht pháirteach, déanfaidh siad an íocaíocht sin a bhreacadh do shochar i leith tréimhse CMÁ iarchurtha is sine ar dtús.

1.5 Athrú ar Chúinsí

Is coinníoll an iarchuir é go gcaithfear na Coimisinéirí a chur ar an eolas má thagann aon athrú ar chúinsí an éilitheora. D'fhéadfaí an t-iarchur a fhoirceannadh i leith CMÁ dá éis sin de thoradh ar athrú ar chúinsí. Chomh maith leis sin, beidh teagmhais áirithe, ar nós airgead a fháil de bhua buachana, bronntanais, oidhreachta nó suimeanna caipitil d'aon chineál, ina gcúis leis an gcáin a bhí iarchurtha suas go dtí an tráth sin, an t-ús san áireamh, a bheith iníoctha láithreach bonn.

1.6 Achomhairc in aghaidh Cinntí de chuid na gCoimisinéirí Diúltú d'Iarchur a Cheadú

Tá sé de cheart ag an éilitheoir achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc nuair a dhiúltaíonn na Coimisinéirí d'iarchur a cheadú. Nuair a chinneann na gCoimisinéirí nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal iarchuir, cuirfidh siad in iúl don duine sin é sin i scríbhinn. Más mian leis an éilitheoir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin, ní mór dó fógra maidir leis an achomharc a thabhairt i scríbhinn, agus forais an achomhairc a shonrú go soiléir san fhógra sin, laistigh de 14 lá dá éis sin. Cuirfidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc faoi chaibidil ansin agus cinnfidh siad é amhail is dá mb'achomharc in aghaidh measúnú de chuid na gCoimisinéirí é. Caithfear an tsuim CMÁ a d'fhéinmheasúnaigh an t-éilitheoir a íoc, áfach, ar feitheamh thoradh an achomhairc chuig na Coimisinéirí Achomhairc.

1.7 Éilimh Bhréagacha ar Iarchur

Nuair a fhaightear amach gur ceadaíodh iarchur CMÁ d'éilitheoir ar bhonn faisnéise bréagaí nó míchruinn, coimeádann na Coimisinéirí an ceart acu féin an t-iarchur a tharraingt siar agus an tsuim amuigh a bhailiú ar an toirt. Ina leithéid de chásanna, cuirfidh na Coimisinéirí an gnáthráta úis de 8% i bhfeidhm ar an tsuim in ionad an ráta iarchuir de 4%. Ní chuireann na Coimisinéirí na pionóis i bhfeidhm go huathoibríoch, ach tá siad faoi réir na ngnáth-rialacha ar chur i bhfeidhm pionóis faoi na hAchtanna Cánach agus ag deireadh thiar thall, do na Cúirteanna.

1.8 Tuilleadh Eolais

Tugtar tuilleadh eolais agus samplaí mionsonraithe i ndáil leis na catagóirí éagsúla iarchuir sna leathanaigh seo a leanas. Tá an t-eolas ar fad maidir leis an CMÁ, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta a nuashonraítear go rialta, le fáil ar www.revenue.ie. Tá eolas le fáil ó Líne Chabhrach CMÁ na gCoimisinéirí 01 738 2636 nó ón tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh chomh maith.

2. Catagóir A - Iarchur arna Bhunú ar Thairseacha Ioncaim

Tá an tairseach ioncaim, a dhearbhaíonn cé acu an bhféadann duine iarchur a éileamh le haghaidh bliain áirithe nó nach bhféadann, bunaithe ar mheasúnú ollioncam dealraitheach a dhéanann duine. Ar dháta dliteanais na bliana, .i. an 1 Bealtaine 2013 i ndáil le 2013 agus an 1 Samhain 2013 i ndáil le 2014 (agus gach 1 Samhain dá éis sin), ní mór don éilitheoir a (h)ollioncam dealraitheach a mheas don bhliain ina dtiteann an dáta dliteanais agus **ní don bhliain ina bhfuil CMÁ iníoctha**. Cialaíonn sé seo go bhfuil teidlíocht um iarchur i 2013 bunaithe ar mheasúnú ag 1 Bealtaine 2013 ar ollioncam dealraitheach suas go dtí deireadh 2013 agus go bhfuil teidlíocht um iarchur i 2014 bunaithe freisin ar mheasúnú ag 1 Samhain 2013 ar an ollioncam dealraitheach suas go dtí deireadh 2013. Is éard atá i gceist le hollioncam ná an t-ioncam uile roimh aon asbhaint, liúntas, nó fhaoiseamh a fhéadtar a bhaint as an áireamh nuair atá ioncam incháinithe duine á áireamh chun críche na cánach ioncaim. Cuimsíonn sé ioncam atá díolmhaithe ón gcáin ioncaim agus ioncam a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ach ní chuimsíonn sé an sochar linbh.

Féadtar na gnáth-thairiseacha ioncaim a mhéadú i gcásanna ina n-íocann an t-éilitheoir ús morgáiste. Tá an méadú teoranta do 80% den ollús (.i. sula dtugtar faoiseamh cánach ag an bhfoinse) a mheastar gur dealraitheach a n-íocfar i mbliain áirithe. Cosúil leis an ollioncam, caithfidh an t-éilitheoir an méid úis morgáiste a mheas ar an dáta dliteanais, .i. an 1 Bealtaine 2013 i ndáil le 2013 agus an 1 Samhain 2013 i ndáil le 2014 (agus an 1 Samhain gach bliain dá éis sin), is dealraitheach a íocfar faoi dheireadh na bliana ina dtiteann an dáta dliteanais, .i. roimh dheireadh 2013 do na blianta 2013 agus 2014. Caithfidh an t-éilitheoir an t-áitreabh a n-éilítear iarchur ina leith a áitiú mar a aon áit chónaithe nó mar a phríomháit chónaithe – níl iarchur bunaithe ar thairiseacha ioncaim ar fáil do thiarnaí talún ná i leith athbhailte.

2.1 An Próiseas Iarratais

Tugtar sna táblaí agus sna samplaí seo a leanas breac-chuntas ar na critéir incháilithe a bhaineann le hiarchur iomlán nó páirteach CMÁ ar bhonn Tairseacha Ioncaim. Ba chóir d'éilitheoirí a chinntiú go bhfuil siad i dteideal iarchuir faoi cheann de na critéir a leagtar amach sa Tábla ag 2.2. Tar éis don éilitheoir a chinntiú go bhfuil sé incháilithe le haghaidh an iarchuir, ba chóir dó 'Rogha 6' a chomhlánú ar Fhoirm Thuairisceáin LPT1 agus an 'Uimhir Choinníll' iomchuí a chur isteach (Uimhir 1 go dtí 4 sa Tábla ag 2.2).

Ceadaítear an cineál iarchuir seo ar bhonn féinmheasúnú. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon phróiseas faofa i gceist leis. Glacfaidh na Coimisinéirí le focal an éilitheora go bhfuil a (h)ollioncam dealraitheach faoi bhun na tairsí baintí agus ceadaítear an t-iarchur sa ghnáthchúrsa tar éis Foirm Thuairisceáin LPT1 chomhlánaithe a fháil. Nuair a roghnaíonn an t-éilitheoir Coinníoll Iarchuir 1, 2, 3 nó 4, tá sé ag déanamh dearbhú foirmiúil dá réir sin, agus déanfaidh na Coimisinéirí roinnt cásanna a roghnú chun iad a sheiceáil dá éis sin.

2.2 Critéir maidir le Tairseach Ioncaim

	Uimhir an Choinníll (Líon isteach faoi Rogha 6 ar Fhoirm Thuairisceáin LPT1)	Coinníoll
larchur lomlán	1	Ní dóchúil go sáróidh ollioncam don bhliain ina dtiteann an dáta dliteanais cuí €15,000 (duine aonair nó baintreach/baintreach fir) nó €25,000 (cúpla*).
larchur lomlán	2	Ní dóchúil go sáróidh ollioncam don bhliain ina dtiteann an dáta dliteanais cuí an teorainn choigeartaithe ioncaim. Déantar an t-ioncam coigeartaithe seo a áireamh ach an tairseach €15,000 (duine aonair nó baintreach/baintreach fir) nó €25,000 (cúpla*) a mhéadú faoi 80% de na hollíocaíochtaí ionchais ús morgáiste.
larchur Páirteach	3	Ní dóchúil go sáróidh ollioncam don bhliain ina dtiteann an dáta dliteanais cuí €25,000 (duine aonair nó baintreach/baintreach fir) nó €35,000 (cúpla*).
larchur Páirteach	4	Ní dóchúil go sáróidh ollioncam don bhliain ina dtiteann an dáta dliteanais cuí an teorainn choigeartaithe ioncaim. Déantar an t-ioncam coigeartaithe seo a áireamh ach an tairseach €25,000 (duine aonair nó baintreach/baintreach fir) nó €35,000 (cúpla*) a mhéadú faoi 80% de na hollíocaíochtaí ionchais ús morgáiste.

* Cuimsíonn an téarma ‘cúpla’ lánúin phósta, páirtnéirí sibhialta agus comhchónaitheoirí áirithe. Tugtar sainmhíniú ar ‘chomhchónaitheoir’ in Alt 172 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010. Chun críche íocaíocht CMÁ a iarchur, is í an tréimhse riachtanach chomhchónaithe 2 bhliain ar a laghad nuair atá clann ag an gcúpla nó 5 bliana ar a laghad nuair nach bhfuil clann ag an gcúpla.

Tábhachtach: Beidh duine aonair nó cúpla nach bhfaigheann **ach íocaíocht** ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i dteideal iarchuir iomláin de bharr go mbeidh rátaí íocaíochta na RRoinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoi bhun na dtairseacha ar an 1 Bealtaine 2013.

2.3 Críochnú Iarchuir Tairseach Ioncaim

I gcásanna ina ndíoltar maoin nó ina n-aistrítear ar bhealach éigin eile í, éireoidh an tsuim a iarchuireadh iníoctha ag an tráth sin. I gcás bronntanais nó oidhreacht, áfach, féadtar leanúint d’iarchur na suime a iarchuireadh cheana sa chás go gcomhlíonann an t-úinéir nua ann féin na coinníollacha a bhaineann le hiarchur tairseach ioncaim chomh maith. Is é an t-aon chás eile ina bhféadtar leanúint d’iarchur atá i bhfeidhm cheana ná nuair a fhaigheann duine de lánúin phósta, de pháirtnéireacht sibhialta nó de chúpla comhchónaithe bás. Ina leithéid de chásanna, fanfaidh an t-iarchur i bhfeidhm go dtí an chéad dáta luachála eile (.i. an 1 Samhain 2016) gan aon tagairt do thairseach ioncaim an chéile/an pháirtnéara/an chónaitheora mharthanaigh.

2.4 Sampla d’Iarchur arna Bhunú ar Ioncam

Sampla 1: Duine singil le morgáiste - tairseach ioncaim choigeartaithe

Is úinéir lonnaitheach singil í Síne a bhfuil morgáiste aici. Ar an 1 Bealtaine 2013, is €13,000 a hollioncam ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 30 Aibreán 2013, .i. €10,000 óna tuarastal agus €3,000 ón scéim

um sheomra a ligean ar cíós atá díolmhaithe ó cháin. Níl sí ag súil le haon athrú ar an leibhéal ioncaim seo go dtí deireadh na bliana agus measann sí go mbeidh a hollioncam foriomlán comhionann le €39,000 ar an 31 Nollaig 2013. Tá sí den tuairim go mbeidh sí fós in ann íocaíochtaí ollús morgáiste de €1,500 a dhéanamh in aghaidh na míosa, .i. €18,000 faoin 31 Nollaig 2013. Chun bheith i dteideal iarchuir iomláin, caithfidh measúnú Shíne ar a hollioncam a bheith níos lú ná €15,000 móide 80% dá híocaíochtaí ollús morgáiste:

Tairseach ollioncaim: $€15,000 + €18,000 \times 80\% = \mathbf{€29,400}$

Toisc gur mó ollioncam measta Shíne (€39,000) ná a tairseach ioncaim choigeartaithe i dtaca le hiarchur iomlán (€29,400), níl sí i dteideal iarchuir iomláin.

Chun bheith i dteideal iarchuir pháirtigh, caithfidh ollioncam measta Shíne a bheith níos lú ná €25,000 móide 80% dá híocaíochtaí ollús morgáiste:

Tairseach ollioncaim: $€25,000 + €18,000 \times 80\% = \mathbf{€39,400}$

Toisc gur lú ollioncam measta Shíne (€39,000) ná a tairseach ioncaim choigeartaithe i dtaca le hiarchur páirteach (€39,400), tá sí i dteideal iarchuir pháirtigh (50%). Más mian léi leas a bhaint as iarchur páirteach, ba chóir di '4' a chur isteach faoi Rogha 6 d'Fhoirm Thuairisceáin LPT1 agus ceann de na modhanna íocaíochta a roghnú chun an chuid eile den CMÁ dlite a íoc. Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús bliantúil de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 2: Cúpla (nach bhfuil morgáiste amuigh acu) atá i dteideal iarchuir iomláin

Tá Seán agus Eibhlín pósta lena chéile agus ina n-úinéirí lonnaitheacha. Is ionann a n-ollioncam measta do 2013 agus €23,000. Tá an t-ollioncam seo faoi bhun na teorann de €25,000 agus tá siad i dteideal iarchuir pháirtigh dá dhroim sin. Más

mian leo leas a bhaint as iarchur iomlán a ndliteanais CMÁ, ba chóir dóibh an t-iarchur iomlán a roghnú ach '1' a chur isteach faoi Rogha 6 d'Fhoirm Thuairisceáin LPT1. Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 3: Duine singil (gan morgáiste) atá i dteideal iarchuir pháirtigh

Tá Aoife singil agus ina húinéir lonnaitheach. Is ionann a hollioncam measta do 2013 agus €18,000. Mar sin, tá a hollioncam níos mó ná an teorainn (€15,000) i dtaca le hiarchur iomlán ach níos lú ná an teorainn (€25,000) i dtaca le hiarchur páirteach (50%).

Más mian le hAoife leas a bhaint as iarchur páirteach a dliteanais CMÁ, ba chóir di an t-iarchur páirteach a roghnú agus '3' a chur isteach faoi Rogha 6 d'Fhoirm Thuairisceáin LPT1 agus ceann de na modhanna íocaíochta a roghnú chun an chuid eile den CMÁ dlite a íoc. Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 4: Duine singil (le morgáiste) atá i dteideal iarchuir pháirtigh

Tá Aindriú singil agus ina úinéir lonnaitheach. Is ionann a ollioncam measta do 2013 agus €27,000 agus is ionann a íocaíochtaí ollús morgáiste do 2013 agus €6,000. Chun bheith i dteideal iarchuir pháirtigh, caithfidh ollioncam measta Aindriú bheith níos lú ná €15,000 móide 80% dá íocaíochtaí ollús morgáiste:

Tairseach ollioncain: €15,000 + (€6,000 x 80%) = **€19,800**

Toisc gur mó ollioncam measta Aindriú (€27,000) ná a thairseach ioncain choigeartaithe i dtaca le hiarchur iomlán (€19,800), níl sé i dteideal iarchuir pháirtigh. Chun bheith i dteideal iarchuir pháirtigh, caithfidh ollioncam measta Aindriú bheith níos lú ná

€25,000 móide 80% dá íocaíochtaí ollús morgáiste:
Tairseach ollioncain: €25,000 + (€6,000 x 80%) = **€29,800**

Toisc gur lú ollioncam measta Aindriú (€27,000) ná a thairseach ioncain choigeartaithe i dtaca le hiarchur páirteach (€29,800), tá sé i dteideal iarchuir pháirtigh (50%). Más mian leis leas a bhaint as iarchur páirteach, ba chóir dó '4' a chur isteach faoi Rogha 6 d'Fhoirm Thuairisceáin LPT1 agus ceann de na modhanna íocaíochta a roghnú chun an chuid eile den CMÁ dlite a íoc. Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 5: Tá Seosamh singil, tá morgáiste de €200,000 agus ollioncam de €30,000 aige.

Tá morgáiste ag Seosamh. Is ionann a íocaíocht bhliantúil úis morgáiste agus thart ar €7,000. Mar sin, is é a thairseach ioncain choigeartaithe i dtaca le hiarchur iomlán, €15,000 + (€7,000 x 80%) = **€20,600**.

Toisc gur mó tuarastal Sheosaimh €30,000 ná a thairseach ioncain choigeartaithe i dtaca le hiarchur iomlán, níl sé i dteideal iarchuir pháirtigh CMÁ.

Mar sin féin, tá Seosamh i dteideal iarchuir pháirtigh (50%)
Toisc gur lú a thuarastal de €30,000 ná a thairseach ioncain choigeartaithe i dtaca le hiarchur páirteach .i. €25,000 + (€7,000 x 80%) = **€30,600**.

Más mian leis leas a bhaint as iarchur páirteach, ba chóir dó '4' a chur isteach faoi Rogha 6 d'Fhoirm Thuairisceáin LPT1 agus ceann de na modhanna íocaíochta a roghnú chun an chuid eile den CMÁ dlite a íoc. Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 6: Bás duine de lánúin phósta, de pháirtnéireacht shibhialta nó de chúpla comhchónaithe.

Sula bhfuair a bhean chéile bás i Mí na Nollag 2013, ceadaíodh iarchur iomlán CMÁ do Phádraig agus dá bhean chéile arna bhunú ar a gcomhioncam. Tá inní ar Phádraig nach mbeidh sé fós i dteideal an iarchuir de bhrí go mbeidh a ollioncam níos mó ná €15,000, an tairseach ioncaim do bhaintreach fir.

Sna cúinsí seo, áfach, beidh feidhm ag an iarchur iomlán go dtí deireadh 2016. Ar an 1 Samhain 2016, ag brath ar a ollioncam ag an am sin, féadfaidh Pádraig iarchur a éileamh sa chás go gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha i ndáil le hiarchur a fháil mar bhaintreach fir. Mura mbíonn sé ina theideal, féadfar leanúint den tsuim a bhí iarchurtha suas go dtí deireadh 2016 a iarchur.

Sampla 7: Teacht in oidhreacht áitribh ó dhuine a d'éiligh iarchur.

Tagann Siobhán in oidhreacht áitribh tar éis bhás a máthar. Bhí iarchur iomlán ag a máthair suas go dtí tráth a báis agus anois, tá inní ar Shiobhán go mbeidh sí faoi dhliteanas an tsuim CMÁ amuigh a íoc. Ciallaíonn aistriú an áitribh chuig Siobhán go n-éireoidh an tsuim CMÁ a iarchuireadh go dtí an tráth sin, mar aon leis an ús bainteach, iníoctha ar lá a aistrithe ach amháin má chomhlíonann Siobhán inti féin na coinníollacha le haghaidh iarchuir.

3. Roghanna Iarchuir Eile

Tá trí chatagóir iarchuir eile ann a leagtar amach in B, C agus D thíos. Amhail iarchuir bunaithe ar ioncam, glactar le hiarratais ó ionadaithe pearsanta duine faoi dhliteanas a d'éag agus iarchuir dhócmhainneacht pearsanta ar bhonn féinmheasúnú. Mar sin féin, i gcás iarchuir bunaithe ar fhorais chruatan, athbhreithneoidh na Coimisinéirí iarratais agus glacfaidh siad leis nó diúltóidh siad an t-iarratas iarchuir, déanfaidh na Coimisinéirí measúnú ar iarratais a dhéantar faoi na catagóirí seo a leanas agus cinnefidh siad glacadh leis an iarratas ar iarchur nó diúltú dó.

3.1 Catagóir B - Iarchur arna bhunú ar Ionadaí Pearsanta do Dhuine a d'éag faoi Dhliteanas

Sa ghnáthchúrsa, bíonn ionadaí pearsanta faoi dhliteanas aon CMÁ a eascraítear i leith áitribh atá ina chuid d'eastát duine a d'éag sa chás go raibh CMÁ amuigh ar dháta a bháis nó a eascraítear i leith dáta dliteanais a thiteann amach le linn riaradh an eastáit sin. Nuair a éagann duine faoi dhliteanas arbh aon úinéir áitribh é, áfach, féadann ionadaí pearsanta don duine sin iarratas a dhéanamh ar iarchur iomlán CMÁ go ceann 3 bliana ar a mhéid ag tosú ar dháta an bháis. Nuair is féidir leis an ionadaí pearsanta an t-áitreabh a aistriú chuig tairbhí de chuid an eastáit nó nuair a dhíoltar laistigh den tréimhse 3 bliana é, cuirfear deireadh leis an iarchur ar cibé dáta acu sin is luaithe. Féadtar iarchur a éileamh i leith aon CMÁ amuigh ar dháta a bháis, aon CMÁ a d'iarchur an duine a d'éag cheana agus aon CMÁ a éireoidh iníoctha i ndiaidh a bháis. Níl an cineál iarchuir seo teoranta do úinéirí lonnaitheacha.

Ba chóir d'ionadaí pearsanta ar mian leis iarchur a éileamh gach ceist i gCuid A (Sonraí maidir leis an Duine faoi Dhliteanas) agus i gCuid B den Fhoirm LPT2. Ba chóir an Fhoirm LPT2 chomhlánaithe a chur isteach chuig: **An Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach.**

Tábhachtach:

Nuair a dhéantar iarratas ar iarchur CMÁ faoin gcatagóir seo le Foirm LPT2, **caithfear** Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach chomh maith. **Ní foláir Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach i ngach uile chás.** Agus Rogha 6 den Fhoirm Thuairisceáin LPT1 á comhlánú ag an éilitheoir, ba chóir dó '5' a chur isteach sa bhosca.

3.2 Catagóir C - Iarchur arna bhunú ar Dhócmhainneacht Phearsanta

Féadann aon duine a théann isteach i Socraíocht Lonnaíochta Fiachais nó i Socraíocht Dhócmhainneacht Phearsanta faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012, iarratas a dhéanamh ar iarchur CMÁ i leith na dtréimhsí a bhfuil an tsocraíocht fiachais i bhfeidhm. Beidh an tsuim CMÁ iarchurtha, mar aon leis an ús, iníochta tar éis don tsocraíocht dócmhainneachta áirithe sin dul in éag. Níl an cineál iarchuir seo teoranta do úinéirí lonnaitheacha.

Sular féidir CMÁ a iarchur ar na forais seo, caithfidh an tsocraíocht dócmhainneachta áirithe a bheith comhaontaithe go foirmiúil ag an éilitheoir agus ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Caithfear 'Uimhir Cháis na Dócmhainneachta' a lua i gCuid C den Fhoirm LPT2.

Sa chás go gcomhlíonann an t-éilitheoir na critéir i ndáil le hiarchur CMÁ de bharr dócmhainneacht phearsanta, ba chóir dó gach uile cheist i gCuid A (Sonraí maidir leis an Duine faoi Dhliteanas) agus Cuid C den Fhoirm LPT2 a chomhlánú. Ba chóir an Fhoirm LPT2 chomhlánaithe a chur isteach chuig: **An Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach.**

Tábhachtach:

Nuair a dhéantar iarratas ar iarchur CMÁ faoin gcatagóir seo le Foirm LPT2, **caithfear** Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach chomh maith. **Ní foláir Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach i ngach uile chás.** Agus Rogha 6 d'Fhoirm Thuairisceáin LPT1 á comhlánú ag an éilitheoir, ba chóir dó '6' a chur isteach sa bhosca.

3.3 Catagóir D - Iarchur arna bhunú ar Fhorais Chruatain

Is é sprioc na catagóire iarchuir seo ná foráil a dhéanamh do dhaoine faoi dhliteanas, nach bhfuil incháilithe le haghaidh iarchuir ar bhonn ioncaim, a bhí in ann a ndhliteanas CMÁ a chomhlíonadh go dtí gur tharla teagmhas éigin a bhí ina chúis le caillteanas nó costas suntasach airgid. Níl sé teoranta do úinéirí lonnaitheacha.

Sa chás go mbaineann caillteanas nó costas suntasach dosheachanta airgid gan choinne do dhuine i gcaitheamh na mbliana reatha a bhfuil de thoradh air nach féidir leis an duine sin an CMÁ a íoc nó íocaíochtaí céimnithe a dhéanamh gan róchruatan airgid a fhulaingt dó, féadann sé iarratas a dhéanamh ar iarchur iomlán nó páirteach. Beidh ar an duine atá ag déanamh iarratais ar an gcineál iarchuir seo faisnéis maidir leis an gcaillteanas nó leis an gcostas, sonraí maidir lena dháilí airgeadais agus aon fhaisnéis eile a theastaíonn ó na Coimisinéirí a nochtadh go hiomlán. Tar éis do na Coimisinéirí imscrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh faoina mbráid, cinntí siad cibé acu iarchur a cheadú (iomlán nó páirteach) nó gan é a cheadú, ach ní íocfaidh siad aon íocaíocht a rinne an t-éilitheoir leo suas go dtí an pointe sin ar ais leis in aon chás. Éireoidh an tsuim CMÁ iarchurtha, mar aon leis an ús bainteach, iníochta tar éis don tsocraíocht iarchuir sin dul in éag nó fanfaidh sí ina muirear ar an mhaoin.

Ní cheadófar iarchur ar fhorais chruatain i gcásanna ina bhfuiltear ag súil leis na costais, cibé acu an costais shuntasacha iad nó nach iad, ná i gcásanna inar ceart don duine foráil bhuiséid a dhéanamh do na costais sin i gcúrsa a ghnóthaí airgeadais a bhainistiú, mar shampla, caiteachas ar aisíocaíochtaí morgáiste, ar tháillí coláiste, ar cheannach cairr, bhainiseacha teaghlach, nó ar shaoirí.

Agus an cruatan á chur faoi chaibidil, d'fhéadfadh go gcuirfí dálaí pearsanta an éilitheora san áireamh – go háirithe, cé acu an bhfuil an teach á áitiú ag baill eile den teaghlach, fiú nach bhfuil

siad faoi dhliteanas CMÁ, a bhfuil ioncam acu agus a d'fhéadfaí súil réasúnach a bheith ann a chabhródh le costais teaghlaigh, an CMÁ san áireamh.

Chun bheith sa áireamh iarchur CMÁ a bhaint amach ar fhorais chruatain, caithfidh an caillteanas a bhain leis an éilitheoir an chuid eile dá ollioncam¹ a laghdú faoi bhun na dtairseacha a leagtar amach i gCatagóir A, nó, caithfidh gurb ionann an caillteanas iomlán a bhain dó agus 20% dá ollioncam ar a laghad. Fiú má chomhlíontar ceachtar den dá choinníoll seo nó an dá cheann acu, ní cheadófar an t-iarchur gan cheist. Tá sé de dhualgas ar an éilitheoir a chur ina luí, trí thagairt do shonraí maidir lena ioncam agus lena eisíocaíochtaí, don tsuim CMÁ iníoctha agus, de bhua cibé acmhainní eile atá ar fáil dó, **go mbeadh íoc na cánach ina chúis le róchrúatan airgid a fhulaingt dó.**

Is iad seo a leanas roinnt samplaí de na cineálacha éagsúla caillteanas/costas a chuirfear san áireamh agus iarchuir ar fhorais chruatain á meas:

- Costais leighis éigeandála.
- Deisiúcháin shuntasacha ar áit chónaithe phríobháideach is riachtanach chun an teach a choinneáil i riocht ináitrithe agus a éiríonn gan choinne.
- Costais a bhaineann le timpiste thromchúiseach nó le bás duine mhuinteartha.
- Cailleadh fostaíochta.
- Drochfhiach arna thabhtú ag duine féinfhostaithe.

¹ Amhail iarchuir bunaithe ar ioncam, is éard atá i gceist le hollioncam ná an t-ioncam uile roimh aon asbhaint, liúntas, nó faoiseamh a fhéadtar a bhaint as an áireamh nuair atá ioncam incháinithe duine á áireamh chun críche na cánach ioncaim. Cuimsíonn sé ioncam atá díolmhaithe ón gcáin ioncaim agus ioncam a fhaightear ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ach ní chuimsíonn sé an sochar linbh.

Agus a leithéid d'ábhair á meas, cuirfear san áireamh an méid atá an cailleanas faoi árachas nó an méid atá an duine faoi shlánaíocht ar shlí eile (mar shampla, íocaíochtaí iomarcaíochta/íocaíochtaí cúitimh, srl). Ina theannta sin, nuair atá feidhm ag faoiseamh cánach ar chostas gan choinne, déanfaidh na Coimisinéirí aon aisíocaíocht chánach atá dlite i leith an chostais sin a fhritháireamh in aghaidh na suime CMÁ iarchurtha.

Sa chás gur mian leis an éilitheoir iarratas a dhéanamh ar iarchur CMÁ ar fhorais chruatain, ba chóir dó gach uile cheist i gCuid A (Sonraí maidir leis an Duine faoi Dhliteanas) agus i gCuid D den Fhoirm LPT2 a chomhlánú. Ba chóir an Fhoirm LPT2 chomhlánaithe a chur isteach chuig: **An Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach.**

Tábhachtach:

Nuair a dhéantar iarratas ar iarchur CMÁ faoin gcatagóir seo le Foirm LPT2, **caithfear** Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach chomh maith. **Ní foláir Foirm Thuairisceáin LPT1 a chur isteach i ngach uile chás.** Agus Rogha 6 den Fhoirm Thuairisceáin LPT1 á comhlánú ag an éilitheoir, ba chóir dó '7' a chur isteach sa bhosca.

3.4 Cáipéisíocht Tacaíochta

Ní mór don éilitheoir an cháipéisíocht bhainteach uile a thacaíonn lena iarratas ar iarchur ar fhorais chruatain a chur faoi iamh a iarratais chomh maith. Is éard atá i gceist le cáipéisíocht bhainteach go sonrach ná admhálacha/sonraisc a bhaineann leis na costais bhainteacha a tabhaíodh agus na ráitis bhainc (de ghnáth: na 3 mhí is déanaí i ndáil le gach cuntas reatha agus ráiteas cothrom le dáta i ndáil le cuntais taisce) a bhaineann leis an éileamh. Tá seans ann go lorgóidh na Coimisinéirí tuilleadh cáipéisíochta i ndáil leis an éilitheoir nó le haon duine eile den teaghlach de réir na gcúinsí in aon chás aonair sula gceadóidh siad an t-iarchur.

3.5 Samplaí d'Iarchuir arna mbunú ar Fhorais Chruatain

Léiríonn na samplaí anseo thíos na cineálacha cásanna ina ndéanfaidh na Coimisinéirí Ionaim éileamh arna mbunú ar róchruatan a mheas. Fiú i gcásanna inar mó cailiteanas nó costas ná 20% d'ollioncam an éilitheora nó nuair a laghdaíonn sé ollioncaim an éilitheora faoi bhun na dtairseacha ioncaim, ní cheadófar an t-iarchur gan cheist. Tá sé de dhualgas ar an éilitheoir a chur ina luí, trí thagairt do shonraí maidir lena ioncam agus lena eisíocaíochtaí, don tsuim CMÁ iníoctha agus, de bhua cibé acmhainní eile atá ar fáil dó, go mbeadh íoc na cánach ina chúis le róchruatan airgid a fhuilaint dó.

Sampla 1 - Cúpla (gan morgáiste) a cheadaítear iarchur iomlán dóibh

Tá Máire agus Pádraig pósta lena chéile agus níl morgáiste acu ar a dteach féin ná ar theach eile atá acu a ligeann siad ar cíos ach atá gan áitiú ó d'fhág na tionóntaí roimhe bliain ó shin. Is ionann a n-ollioncam measta do 2013 agus €60,000. De bharr a n-ollioncaim agus na rialach i ndáil le tithe tánaisteacha, níl siad i dteideal iarchuir faoi Chatagóir A. Rinne stoirm dochar ollmhór don teach ar cíos, áfach, agus bhí deisiúcháin a chosain €32,000 ag teastáil chun é a chur ina cheart, rud nach raibh siad faoi árachas ina aghaidh.

Ollioncam	€60,000
Costas suntasach gan choinne	€32,000
Ollioncam coigeartaithe do 2013	€28,000

Toisc gur mó an costas suntasach gan choinne ná 20% dá n-ollioncam coigeartaithe, d'fhéadfadh na Coimisinéirí iarratas ar iarchur iomlán a mheas. Is iarchur páirteach a bheidh ann toisc go bhfuil a n-ollioncam coigeartaithe os cionn na tairisí de €25,000 i gCatagóir iarchuir A, ach faoi bhun na tairisí de €35,000 do iarchur páirteach. Caithfear cruthúnas cáipéisíochta iomchuí a chur ar

láimh chun tacú leis an maíomh go mbeadh íoc na cánach ina chúis le róchrúatan airgid a fhulaingt dóibh de thoradh ar an gcaillteanas.

Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús bliantúil de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 2 - Cúpla (morgáiste) a cheadaítear iarchur iomlán dóibh

Is comhchónaitheoirí iad Brian agus Áine ar leosan a dteach féin agus a mheasann go ndéanfaidh siad íocaíochtaí ús morgáiste de €16,000 i 2013. Is ionann a n-ollioncam measta do 2013 agus €55,000, suim atá níos mó ná an tairseach ioncainm choigeartaithe de €37,800 a chuirfeadh ar a gcumas iarratas a dhéanamh ar iarchur iomlán. Thabhaigh Brian costais leighis shuntasacha, gan choinne agus neamh-aisíochta le linn 2013, áfach.

Ollioncam	€55,000
Costas suntasach gan choinne	€20,000
Ollioncam choigeartaithe do 2013	€35,000
Tairseach ioncainm choigeartaithe:	€37,800 (€25,000 + €12,800)

Toisc gur mó an costas suntasach gan choinne ná 20% dá n-ollioncam agus go laghdaíonn sé a n-ollioncam faoi bhun na tairisí ioncainm Catagóir iarchuir A, d'fhéadfadh na Coimisinéirí a n-iarratas ar iarchur iomlán a mheas. Caithfear cruthúnas cáipéisíochta iomchuí a chur ar láimh chun tacú leis an maíomh go mbeadh íoc na cánach ina chúis le róchrúatan airgid a fhulaingt dóibh de thoradh ar na costais leighis neamh-aisíochta a íoc dóibh.

Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús bliantúil de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 3 - Duine singil (le morgáiste) atá incháilithe do iarchur páirteach

Tá Éamonn singil. Is ionann a ollioncam measta do 2013 agus €55,000. Íocann sé ús morgáiste de €10,000. Tharla timpiste thromchúiseach d'athair Éamonn nuair a bhí sé thar lear agus ní raibh sé faoi árachas. Bhí ar Éamonn dul thar lear chun a athair a thabhairt ar ais go hÉirinn agus thabhaigh sé costais shuntasacha de €25,000 as an turas agus as na billí leighis.

Ollioncam	€55,000
Costas suntasach gan choinne	€25,000
Ollioncam coigeartaithe do 2013	€30,000
Tairseach Ioncaim Choigeartaithe	€23,000 (€15,000 + €8,000)

Toisc gur mó an costas suntasach gan choinne ná 20% dá ollioncam coigeartaithe, d'fhéadfadh na Coimisinéirí iarratas ar iarchur a mheas. Is iarchur páirteach a bheidh ann toisc go bhfuil ioncam coigeartaithe Éamonn níos mó ná an tairseach de €23,000 do iarchur iomlán Catagóir A, ach faoi bhun na tairsí de €33,000 do iarchur páirteach. Caithfear cruthúnas cáipéisíochta iomchuí a chur ar láimh chun tacú leis an maíomh go mbeadh íoc na cánach ina chúis le róchruatan airgid a fhulaingt dó de thoradh ar na costais gan choinne.

Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús bliantúil de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 4 - Lánúin phósta atá incháilithe le haghaidh iarchur páirteach

Tá Eoin agus Eibhlín pósta lena chéile, os cionn 65 bliain d'aois, ar scor, agus ag fáil pinsean de €50,000 ar an iomlán. Tar éis do stróc Eoin a bhualadh, glacadh isteach faoi chúram fadchónaithe é agus rinne sé ranníocaíocht de €16,900 faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais ('Fair Deal').

Ollioncam	€50,000
Costas suntasach gan choinne	€16,900
Ollioncam coigeartaithe do 2013	€33,100

Toisc gur mó costais na Scéime ná 20% dá n-ollioncam, d'fhéadfadh na Coimisinéirí iarratas ar iarchur a mheas. Is iarchur páirteach a bheidh ann toisc go bhfuil ioncam coigeartaithe Eoin agus Eibhlín níos mó ná an tairseach de €25,000 do iarchur iomlán Catagóir A, ach faoi bhun na tairsí de €35,000 do iarchur páirteach. Caithfear cruthúnas cáipéisíochta iomchuí a chur ar láimh chun tacú leis an maíomh go mbeadh fóc na cánach ina chúis le róchrúatan airgid a fhulaingt dóibh de thoradh costais faoin Scéim.

Cuirfear an tsuim iarchurtha, mar aon le hús bliantúil de réir 4%, ina muirear ar an áitreabh.

Sampla 5 - Duine aonair (a bhfuil morgáiste aige) nach bhfuil incháilithe le haghaidh iarchuir (iomlán ná páirteach) in ainneoin gur bhain cailteanas níos mó ná 20% dá ollioncam dó

Tá Ciarán singil agus féinfhostaithe. Is ionann a ollioncam measta do 2013 agus €45,000. Íocann sé ús morgáiste de €12,000. Bhain cailteanas de €25,000 do Chiarán le linn na bliana de thoradh ar dhrochfhiach agus rinne sé iarratas ar iarchur iomlán toisc gur mhó a chaillteanas ná 20% dá ollioncam measta agus go raibh a ollioncam coigeartaithe faoi bhun a thairseach coigeartaithe.

Ollioncam	€45,000
Costas suntasach gan choinne	€25,000
Ollioncam coigeartaithe do 2013	€20,000
Tairseach Ioncaim Choigeartaithe	€24,600 (€15,000 + €9,600)

Chuir Ciarán cruthúnas cáipéisíochta ar láimh na gCoimisinéirí chun tacú lena iarratas ar iarchur, a chur in iúl go raibh €30,000 i dtaisce sa bhanc aige agus go raibh scaireanna i gcuideachta dhea-thuillmheach ina sheilbh chomh maith. Dhiúltaigh na Coimisinéirí d'iarratas Chiaráin ar iarchur toisc, cé gur shuntasach an cailteanas a thabhaigh sé, go raibh a dhóthain sócmhainní leachtacha aige chun an CMÁ a fóc gan bheith ina chúis le róchrúatan airgid a fhulaingt dó.

Sonraí Teagmhála:

Tá tuilleadh eolais faoin CMÁ le fáil ar na bealaí seo a leanas:

Suíomh Gréasáin: www.revenue.ie

Ríomhphost: lpt@revenue.ie

Aertel: Leathanach 593

Tríd an bPost: Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach

Guthán: 01 738 3626 (Laistigh d'Éirinn);
+353 1 702 3049 (Lasmuigh d'Éirinn)

Tá tuilleadh eolais le fáil ón tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh chomh maith:

Suíomh Gréasáin: www.citizensinformation.ie

Guthán: 0761 07 4000, Luan go hAoine,
9rn - 8in

Go Pearsanta: buail isteach chuig oifig de chuid na Seirbhíse Faisnéise do Shaoránaigh i do cheantarsa.

Tá liosta ceisteanna coitianta a nuashonraítear go rialta le fáil ar www.revenue.ie

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.